An Coimisiún Eorpach

# **Ursula Hirschmann:** Frith-fhaisisteach agus bunaitheoir na Cónaidhmeachta Eorpaí (1913-1991)


© Cartlann Stairiúil an Aontais Eorpaigh

*I dteaghlach Giúdach meán-aicmeach a rugadh Ursula Hirschmann agus in 1932 chuaigh sí i bpáirt le heagraíocht na n-óg sa Pháirtí Sóisialach Daonlathach chun an fód a sheasamh in aghaidh rabharta na Naitsithe. Bhuail sí le Eugenio Colorni, fealsamh agus sóisialach óg Iodálach, agus phós siad, tráth a bhí sí ar deoraíocht i bPáras i lár na 1930í. Ina dhiaidh sin, ghlac sí páirt ghníomh san fhreasúra frith-fhaisisteach a bhí ag feidhmiú faoi rún san Iodáil, tír dhúchais a céile.*

*Nuair a gabhadh Colorni gur cuireadh i bpríosún é ar oileán Ventotene, chuaigh sise ann freisin chun a bheith ina theannta. Ansiúd a chuir siad aithne ar Ernesto Rossi agus Altiero Spinelli, comhúdair fhorógra Ventotene* "ar son Eoraip shaor agus aontaithe", *a scríobhadh in 1941 agus a mheastar go forleathan ina thúsphointe don chónaidhmeacht Eorpach. Treoirphlean le haghaidh Aontas Eorpach daonlathach a d'fhéadfaí a chur ar bun tar éis an chogaidh a bhí san Fhorógra. Rinne Hirschmann an forógra a smuigleáil go mórthír na hIodáile agus chuidigh sé lena scaipeadh.*

*I mí Lúnasa 1943 in Milano, bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí na Gluaiseachta Cónaidhmí na hEorpa, in éineacht le Spinelli, a bhí tar éis éalú as Venetene. In 1975, chuir Hirschmann ar bun an comhlachas* Femmes pour l'Europe *sa Bhruiséil.*

## Luathshaol

In 1913 a rugadh í. Agus í fós óg, thug Ursula Hirschmann aghaidh ar chosán na feasachta polaitiúla agus gníomhachais nuair a thosaigh sí ag freastal ar imeachtaí a bhí á n-eagrú ag an bPáirtí Sóisialach agus ag Páirtí Daonlathach Sóisialta na Gearmáine i mBeirlín, a baile dúchais féin.

In 1932, tharla casadh níos radacaí in aistear an mhic léinn eacnamaíochta Ghiúdaigh óig nuair a thosaigh sí ag gnáthú grúpaí cumannacha frithbheartaíochta. Bliain ina dhiaidh sin, agus dlús á chur ag na Naitsithe lena ngéarleanúint ar ghrúpaí a bhí ag cur ina n-aghaidh, d'aistrigh sí agus a deartháir Albert go Páras. Bhain Albert cáil amach níos faide anonn mar eacnamaí agus eolaí polaitiúil. B'shin tús tréimhse fada deoraíochta do Hirschmann agus ba cor cinniúna é a chuir i dtreo chúis na cónaidhmeachta Eorpaí í.

Le linn na tréimhse i bPáras di agus d'Albert, casadh orthu Eugenio Colorni, fealsamh agus sóisialach óg Iodálach ar chuir siad aithne air i mBeirlín. Chuaigh Hirschmann go dtí an Iodáil chun a bheith ina theannta agus phós sí Colorni in 1935.

Bhí dlúthpháirt ag an lánúin sa ghluaiseacht fhrith-fhaisisteach san Iodáil. Má bhí féin, gabhadh Colorni dá dheasca sin agus cuireadh ar deoraíocht é chuig oileán Ventotene. D'éirigh le Hirschmann cead a fháil ó na húdaráis dul chuig Ventotene i ndiaidh Colorni, áit ar chuir siad aithne ar intleachtóirí frith-fhaisisteacha eile amhail Altiero Spinelli agus Ernesto Rossi.

## Tús na Cónaidhmeachta Eorpaí

As an gcomhthuiscint a bhí eatarthu go léir a d'eascair ar deireadh Forógra Ventotene 1941, "*ar son Eoraip shaor agus aontaithe*". Ar pháipéar toitíní, faoi rún, a scríobhadh an Forógra agus is éard a bhí ann ráiteas polaitiúil agus treoirphlean le haghaidh Chónaidhm dhaonlathach na hEorpa. Éilíodh san Fhorógra briseadh le stair na hEorpa le go gcuirfí córas polaitiúil nua ar bun trí athstruchtúrú polaitíochta agus athchóiriú sóisialta a dhéanamh.

Tar éis di éalú ó Ventotene, d'éirigh le hUrsula téacs an fhorógra a thabhairt go dtí an mhórthír mar ar chuidigh sí lena dhréachtú agus lena scaipeadh. Ní fada go raibh an forógra léite ag mórán de lucht na frithbheartaíochta a bhí ag troid in aghaidh na Naitsithe. Tháinig Hirschmann go dtí Milano, áit inar chuir sí *Movimento Federalista Europeo*, Gluaiseacht Chónaidhmeach na hEorpa ar bun in 1943 in éineacht le Spinelli agus gníomhaithe eile, fad is a bhí fórsaí na gComhghuaillithe ag gearradh na slí rompu aneas isteach san Iodáil. In Milano a tionóladh an chéad chruinniú i dtaca le bunreacht na gluaiseachta cónaidhmí i mí Lúnasa na bliana sin, agus is ansin a faomhadh sé bhunchloch na smaointeoireachta cónaidhmí a ceapadh in Venotene.

In 1944, dúnmharaíodh Eugenio Colorni sa Róimh. Na Faisistigh a mharaigh é. Phós Hirschmann Altiero Spinelli an bhliain dár gcionn. D'imigh siad ar a dteitheadh go dtí an Eilvéis, áit inar oibrigh siad le chéile chun Gluaiseacht Chónaidhmeach na hEorpa a idirnáisiúnú. De dhroim sin, chuidigh Hirschmann leis an gcéad chomhdháil cónaidhmeachta idirnáisiúnta a eagrú i bPáras in 1945. Ar deireadh chuaigh siad a chónaí sa Róimh.

Ní hamhlaidh a chuir Hirschmann a tiomantas polaitiúil i leataobh nuair a tháinig an Dara Chogadh Domhanda chun deiridh. In 1975, bhunaigh sí an comhlachas *Femmes pour l'Europe* (Mná ar son na hEorpa) sa Bhruiséil. Gluaiseacht is ea sin a thugann le chéile mná ó shaol an fheimineachais agus ó shaol na polaitíochta agus atá fós ag gníomhú ar son comhionannais inscne sa lá atá inniu ann.

Triúr iníonacha a bhí ar Ursula Hirschmann, Silvia, Renata, agus Eva lena céad fhear céile Eugenio Colorni, agus triúr iníonacha le Alterio Spinelli: Diana, Sara, agus Barbara Spinelli ar iriseoir agus parlaiminteoir san Iodáil í. I mí na Nollag 1975, bhain rith fola san inchinn do Hirschmann agus níor tháinig sí chuici féin i gceart riamh. Fuair sí bás in 1991 ag aois a 77.